

IEA COMPASS: BRIEFS IN EDUCATION

MAR A CHUIR MEASÚNUI THE AR MHÓRSCÁLA BONN EOLAIS FAOI BHEARTAS OIDEACHAIS IN ÉIRINN



ACHOIMRE

Le breis agus scór bliain, léirigh measúnuithe ar mhórsála in Éirinn treochtaí comhsheasmhacha, tréimhsí athraithe, agus roinnt ábhar iontais. San eagrán seo de *Compass Brief* déantar iniúchadh ar an gcaoi a chruthaigh sonraí ó mheasúnuithe ar mhórsála bonn eolais do *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta na hÉireann 2011-2020*, go háirithe maidir le tosaíochtaí, socrú spriocanna, agus monatóireacht. Scrúdaítear freisin an chaoi a léirigh tionscnaimh ghaolmhara lena n-áirítear athfhorbairt curaclaim agus athchóiriúar thástáil chaighdeánaithe torthaí measúnaithe ar mhórsála. Ag féachaint chun cinn, tugtar breac-chuntas ar an gcaoi is féidir le measúnuithe ar mhórsála treoir a sholáthar don chéad *Straitéis Náisiúnta* eile de chuid na hÉireann go dtí 2033, a chuimsíonn litearthacht dhigiteach mar aon le litearthacht agus uimhearthacht. Ar bhonn níos leithne, agus Éire á úsáid mar shampla, sainnithnítear saincheisteanna tábhachtacha atá le breithniú ag lucht déanta beartas i dtíortha eile nuair a bhíonn sonraí ILSA (measúnaithe idirnáisiúnta ar mhórsála) á n-úsáid laistigh dá gcomhthéacsanna náisiúnta féin.

Údair

Aidan Clerkin, Foras Taighde ar Oideachas
Emer Delaney, Foras Taighde ar Oideachas

IMPLEACHTAÍ


- ▶ Cuireann ILSAanna samplaí ar fáil de na rudaí ar éirigh go maith leo agus a léiríodh go bhféadfaí iad a bhaint amach go hidirnáisiúnta, mar shampla roinnt de na samplaí ó Éirinn a bhfuil cur síos orthu sa choimre seo. Cé gur annamh a mholtar beartaís a ghlacadh ar iasacht go díreach ó chomhthéacsanna eile, is féidir leis na léargais pholasaithe seo bonn eolais a chur faoi fhorbairt polasaithe cuí atá oiriúnaithe go náisiúnta in áiteanna eile.
- ▶ Is féidir leis na sonraí luachmhara a bailíodh le haghaidh measúnuithe ar mhórsála faisnéis chaolchúiseach a sholáthar sa bhreis ar na príomhscóir gnóthachtála, agus iad ag tabhairt suntais do raon leathan saincheisteanna ar gá do lucht déanta beartas agus oideachasóirí aird a dhíriú orthu.
- ▶ Léiríonn an cás-staidéar seo ó Éirinn an chaoi inar féidir le lucht déanta beartas leas a bhaint as fianaise carntha ó staidéir éagsúla, a sholáthraíonn bonn níos stuama do cheapadh beartaís seachas brath an iomarca ar aon sraith amháin torthaí.

RÉAMHRÁ

Ghlac Éire páirt i go leor ILSAanna thar na blianta, ag soláthar léargais luachmhara ar fheidhmíocht dhaltaí i réimsí éagsúla. Ag an mbunleibhéal, bhí daltaí ceathrú grád gafa le TIMSS (Treoctáí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta) agus PIRLS (Staidéar ar Dhul Chun Cinn Idirnáisiúnta i Litearthacht Léitheoireachta). Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ghlac scoláirí san ochtú grád páirt i TIMSS, agus scoláirí 15 bliana d’aois i PISA (An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn) (Fíor 1). Comhlánaíonn NAMER (Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht an Bhéarla), a léiríonn curaclam bunscóile na hÉireann, na trialacha idirnáisiúnta seo thart ar gach cúig bliana. Seachas PISA 2009, a phléitear níos faide thíos, léirigh torthaí ó ILSAanna i gcoitinne go n-éiríonn go rímhaith le daltaí

na hÉireann sa litearthacht léitheoireachta agus go léiríonn siad scileanna os cionn an mheáin sa mhatamaitic agus san eolaíocht i gcomparáid lena bpiaraí go hidirnáisiúnta. Aithníodh roinnt dúshlán a bhí ag teacht chun cinn arís agus arís eile. Ina measc tá an céatadán íseal de dhaltaí in Éirinn a bhaineann na leibhéil ghnóthachtála is airde amach - i gcodarsnacht le feidhmíocht sách láidir i measc na ndaltaí is ísle gnóthachtáil i gcomparáid le tíortha eile a bhfuil leibhéil chomhchosúla de mheánghnóthachtáil acu - agus réimsí comhsheasmhacha de laigí coibhneasta, ar nós céimseata/cruth agus spás sa mhatamaitic. Úsáideann an *Compass Brief* seo sampla na hÉireann chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi is féidir le sonraí ó mheasúnuithe ar mhórsála treoir a thabhairt do cheapadh beartais náisiúnta.

Fíor 1: Timthriallta measúnaithe/suirbhé ar mhórsála ina raibh Éire páirteach



Timthriall ina raibh Éire rannpháirteach

●

Timthriall nach raibh Éire rannpháirteach ann

⊗

► **Tabhair faoi deara:** In 2009, athraíodh na leibhéil gráid ar dhírigh NAMER orthu agus athshocraíodh na méadracht scála. Mar sin, ní léirítear timthriallta NAMER níos luaithe i bhFíor 1.

AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA (2011-2020)

Bhí torthaí PISA 2009 ina n-údar imní suntasach in Éirinn, le laghdúithe suntasacha tuairiscithe i bhfeidhmíocht na léitheoireachta agus na matamaitice (Perkins et al., 2010) i gcomparáid le timthrialta roimhe sin (féach Fíor 3). Spreag an “stangadh PISA” seo clúdach forleathan sna meáin agus bhí tionchar aige ar thabhairt isteach na *Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011-2020)*. Bhí sé mar aidhm ag an *Straitéis* dul i ngleic le roinnt de na laghdúithe seo chomh maith le hábhair imní oideachais níos leithne, le béim ar shé réimse: rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an phobail, cleachtas gairmiúil múinteoirí, acmhainn ceannaireachta scoile, curaclaim, acmhainní do leanaí le riachtanais bhreise, agus cleachtais mheasúnaithe. Bhain gníomhaíochtaí ar dphróifíle faoin *Straitéis* le méadú ama teagaisc a leithdháileadh go seachtainiúil ar litearthacht (+60 nóiméad) agus ar mhataimaitic (+70 nóiméad), tástáil chaighdeánaithe éigeantach a thabhairt isteach ag trí leibhéal grád bunscoile, agus forbairt ghairmiúil múinteoirí bainteach le litearthacht agus uimhearthacht.

Rinne an *Straitéis* rannpháirtíocht leanúnach i staidéir ar nós PIRLS, TIMSS, agus PISA a shainordú chun tagarmharcáil idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil na ndaltaí a sholáthar, agus d'iarr an Roinn Oideachais go sonrach ar scoileanna comhoibriú dá ndéanfaí sampláil orthu le haghaidh staidéir dá leithéid. Socraíodh spriocanna chun céatadán na ndaltaí a ghnóthaíonn leibhéal inniúlachta níos airde a mhéadú cúig phointe céatadán agus an céatadán ag leibhéal níos ísle a laghdú cúig phointe céatadán idir 2009 agus 2020, bunaithe ar shonraí NAMER agus PISA. Ar an gcaoi chéanna, socraíodh spriocanna chun an chomhréir ag leibhéal inniúlachta níos ísle a laghdú de réir cúig (bunscoil) agus ocht go deich (iar-bhunscoil) pointe céatadán.

In ainneoin torthaí suaiteacha PISA 2009, bhí roinnt sólais le fáil ó ILSAanna ina dhiaidh sin. Bhí torthaí ó PIRLS agus TIMSS 2011, agus ó PISA 2012 dearfach i gcoitinne (Eivers & Clerkin, 2012; Perkins et al., 2013), agus thug taighde le fios go raibh roinnt áibhéile ag baint leis na laghdúithe roimhe sin mar thoradh ar shaincheisteanna rannpháirtíochta daltaí agus tosca modheolaíochta a raibh tionchar acu ar chruinneas tomhais (Cosgrove & Cartwright, 2014). Faoi lár na ndeich mbliana, bhí spriocanna bunleibhéal uile na *Straitéise* bainte amach ag Éirinn roimh an am a bhí leagtha síos, agus léirigh fianaise ó NAMER 2014, TIMSS 2015, agus PIRLS 2016 dul chun cinn suntasach sa léitheoireacht agus sa mhataimaitic (féach Fíor 2; Clerkin et al.,

2016; Eivers et al., 2017; Shiel et al., 2014). Ag an leibhéal iar-bhunscoile, baineadh amach na spriocanna do chomhréireanna méadaithe na ndaltaí ardghnóthachtála sa dá réimse, cé nár baineadh amach na spriocanna do chomhréireanna laghdaithe na ndaltaí ísealghnóthachtála (Shiel et al., 2016). Léirigh sonraí a chuir TIMSS agus PISA ar fáil don eolaíocht an luach a bhaineann le ILSAanna do cheapadh beartais in éagmais measúnú náisiúnta nó tástáil chaighdeánaithe don eolaíocht in Éirinn.

In 2017, rinneadh athbhreithniú eatramhach ar an *Straitéis* a cheiliúraigh an rathúlacht go dtí sin – go háirithe i litearthacht na léitheoireachta – agus saináithníodh réimsí ar ghá aird bhreise a dhíriú orthu, amhail uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. In ainneoin roinnt rathúlachta maidir le leibhéal measartha ard cothromais a choinneáil i dtorthaí oideachais go hidirnáisiúnta, ba thosaíocht leanúnach é dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais ag leibhéal na scoile, agus ba thosaíocht nua é cur ar chumas daltaí ardghnóthachtála a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tháinig sé seo i ndiaidh comharthaí diadha ar ndiaidh ó shonraí TIMSS agus PISA le déanaí go raibh dúshlán á léiriú maidir le tearcfheidhmíocht choibhneasta na ndaltaí is airde gnóthachtála in Éirinn i gcomparáid lena gcomhghleacaithe i dtíortha eile a raibh leibhéal ghnóthachtála foriomlána comhchosúla acu. Ba léir é seo mar phátrún don mhataimaitic níos mó ná don léitheoireacht – agus níos mó don eolaíocht ná do cheachtar acu, cé nach raibh an *Straitéis* dírithe ar an eolaíocht (Clerkin et al., 2016; Shiel et al., 2016).




Mar chuid den athbhreithniú eatramhach, bunaíodh spriocanna athbhreithnithe go dtí 2020. Áiríodh orthu seo leaganacha i bhfad níos uailmhianaí de na bunspríocanna a baineadh amach cheana féin, béim athuair ar na bunspríocanna nár baineadh amach go fóill, agus spriocanna nua a bhain go sonrach leis na scoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, aithníodh mar tháscairí tábhachtacha roinnt athróg comhthéacsúla a bhaineann le rannpháirtíocht oideachasúil na ndaltaí. Mar shampla, éilíodh méadú ar líon na ndaltaí a bhí ag gabháil don léitheoireacht phléisiúrtha go laethúil agus a thuairiscigh go raibh comhráite rialta acu le tuismitheoirí faoi dhul chun cinn ar scoil. Léiríonn an tiomantas leanúnach seo maidir le leas a bhaint as sonraí measúnaithe ar mhórsála ar chúiseanna eile seachas príomhscóir gnóthachtála a léiriú gur féidir le fianaise carntha eolas a sholáthar do cheapadh beartais oideachais sofhreagrach.

ATHFHORBAIRT CURACLAIM

San am atá thart níos tharla athfhorbairt curaclaim in Éirinn ach go hannamh. Nuair a tugadh isteach *Straitéis* 2011, bhí curaclam na bunscoile ar an bhfód ó 1999. Mar fhreagairt ar an ngá a bhí le nuashonruithe, cuireadh tús le Curaclam Teanga Bunscoile


comhtháite don Bhéarla agus don Ghaeilge sna ranganna sóisearacha in 2015 agus do gach grád bunscoile in 2019. Tá Curaclam Matamaitice Bunscoile nua, a tugadh isteach in 2023, ag an gcéim leabaithe faoi láthair.

Fíor 2: Treochtaí sa ghnóthachtáil in Éirinn ag an mbunleibhéal (1995-2023)



► **Tabhair faoi deara:** Riaradh PIRLS 2021 gar do thús an chúigiú grád agus ba cheart comparáidí le timthriallta PIRLS roimhe seo (deireadh an cheathrú grád) a léirmhíniú go cáiréiseach. Cuimsíonn aiseanna scála Diall Caihghdeánach amháin do gach staidéar (100 scór pointe do PIRLS/TIMSS; 50 scór pointe do NAMER). Léiríonn **línte treochta gan bhriseadh** feabhsuithe atá suntasach go staitistiúil idir timthriallta (cló gorm sa bhosca). Léiríonn **línte treochta briste** nach bhfuil aon athrú suntasach idir timthriallta.

Fíor 3: Treochtaí sa ghnóthachtáil in Éirinn ag an iar-bhunleibhéal (1995-2023)



► **Tabhair faoi deara:** Léiríonn línte treochta gan bhriseadh feabhsuithe atá suntasach go staitistiúil idir timthriallta (cló gorm sa bhosca). Léiríonn línte treochta poncaithe laghdúithe suntasacha idir timthriallta (cló liath sa bhosca). Léiríonn línte treochta briste nach bhfuil aon athrú suntasach idir timthriallta.

Thagair tuarascálacha taighde a bhí mar bhonn eolais do na hathfhorbairtí seo do chreataí agus torthaí ILSA. Maidir leis an litearthacht, thug Kennedy et al. (2012) faoi deara go gcuireann sainmhíthe ILSA béim ar thógáil gníomhach na brí, ar mhachnamh criticiúil agus ar chomhbhá a éascú, agus ar a thábhachtaí atá pobal léitheoirí agus meonta dearfacha i leith na léitheoireachta. Tá na cineálacha cur chuige seo ag teacht le *Curaclam Teanga na Bunscoile*, a chuimsíonn torthaí foghlama a bhaineann le

rannpháirtíocht, spreagadh, rogha, agus feasacht shóisialta, mar aon le litearthacht chriticiúil agus tuiscint ilteangach/ilchultúrtha a chur chun tosaigh. Maidir leis an matamaitic, rinneadh an bhéim atá ar *Uimhreas* i gcuraclam na hÉireann a chomhthéacsú tríd an bhéim atá air in TIMSS, agus tugadh suntas do thorthaí TIMSS a léirigh láidreacht choibhneasta dhaltá na hÉireann in *Uimhreas* agus laige choibhneasta na ndaltá i gCéimseata (Delaney, 2020; Nic Mhuirí, 2020).

TRIALACHA CAIGHDEÁNAITHE

Ó 2012 ar aghaidh, ba athrú suntasach é tabhairt isteach na tástála caighdeánaithe éigeantach sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic ag an dara, an ceathrú agus an séú grád i gcomparáid leis an úsáid ad hoc a bhain scoileanna as na trialacha roimhe sin. Ina theannta sin, bhí sé de dhualgas torthaí comhiomlánaithe a thuairisciú don Roinn Oideachais. Murab ionann agus i ndlínsí áirithe, áfach, ní eisítear torthaí ag leibhéal na scoile go poiblí agus ní féidir iad a úsáid chun táblaí sraithe a chruthú. Bíonn na torthaí in úsáid go himheánach ag an Roinn, mar shampla, chun eolas a sholáthar do leithdháileadh acmhainní ar scoileanna, ar nós Múinteoirí Oideachais Speisialta.

Léirigh anailís ar shonraí trialacha caighdeánaithe ó 2012 agus 2013 go raibh na noirm náisiúnta á sárú go mór cheana féin ag daltaí (ag dul siar ar a laghad sé go seacht mbliana roimhe sin, agus dátaí éagsúla don chaighdeánú ag dhá sholáthraí tástála). Bhí na dífríochtaí seo i bhfad níos mó ná mar a ceapadh; bhí scóir “os cionn an mheáin” bainte amach ag 16% de na grúpaí tagartha (grúpnóirm), bhí na scóir sin bainte amach ag 25% sa léitheoireacht agus 29% sa mhatamaitic faoin mbliain 2013 (DES, 2016).

I measc na gcúiseanna féideartha don ghluaiseacht seo ar dháilt na scór, d'fhéadfadh gur chruthaigh úsáid níos forleithne na dtástálacha taithe ar an ábhar, agus bhí braistint mhéadaithe go raibh brú ann chun torthaí maithe a bhaint amach (O'Leary et al., 2019). Ba chosúil gur tháinig luasghéarú ar an bhfeiniméan go n-éiríonn tástálacha nach bhfuil iomlán slán níos éasca le himeacht ama (Salvia & Ysseldyke, 2001).

Thart ar an am céanna, dhearbhaigh fianaise a d'eascair ó NAMER 2014, TIMSS 2015, agus PIRLS 2016 feabhsuithe dáiríre ar fheidhmíocht dhaltá na hÉireann, rud a thugann le fios go bhféadfadh gur léirigh torthaí sceabhacha na dtrialacha caighdeánaithe ó 2012 agus 2013 meascán de thástálacha a bhí as dáta agus ró-úsáidte ar lámh amháin, agus fíor-athruithe ar leibhéal an daonra ar an taobh eile. Dhírigh sé seo aird ar an ngá a bhí le huirlisí tástála nuashonraithe agus le cur chuige córasach maidir le hathfhorbairt trialacha. Mar thoradh ar sin, d'eisigh institiúid na n-údar trialacha nua in 2019, agus tá clár rollach athfhorbartha beartaithe. Uirlis rithábhachtach is ea measúnuithe mórsála ar féidir leo cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir leis an am agus leis an gcaoi le trialacha a nuashonrú chun athruithe ar gnóthachtáil daltaí a léiriú go cruinn.

I NDIAIDH NA STRAITÉISE

Níor léirigh TIMSS 2019 aon athruithe suntasacha ar fheidhmíocht na hÉireann sa mhatamaitic ná san eolaíocht ó 2015 (Perkins & Clerkin, 2020). Tar éis COVID-19 — ónar tharla dúnadh sínte scoileanna in 2020 agus in 2021 — ba bheag spriocanna athbhreithnithe a baineadh amach in NAMER 2021 nó PISA 2022; mar sin féin, léirigh NAMER agus PIRLS 2021 gnóthachtáil chobhsaí sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic bunscoile ó lár na 2010í (Delaney et al., 2023; Donohue et al., 2023; Kiniry et al., 2023; Nelis & Gilleece, 2023). Féadfaidh na patrúin seo treochtaí eile a cheilt, amháil méaduithe réamh-COVID agus lagduithe ina dhiaidh sin - cé go dtacaíonn TIMSS 2019 leis an hipitéis chobhsaíochta don mhatamaitic. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, léirigh PISA 2022 gnóthachtáil chobhsaí sa léitheoireacht ó 2018 i leith ach laghdú suntasach sa mhatamaitic (cé go raibh

sé níos lú ná ar an meán go hidirnáisiúnta). Le déanaí, léiríonn sonraí TIMSS 2023 cobhsaíocht leanúnach sa bhfeidhmíocht ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon thar bhlianta na paindéime, mar atá le feiceáil i bhFíoracha 2 agus 3 (McHugh, Denner et al., 2024).

Tríd is tríd, tugann na torthaí le tuiscint, cé go bhféadfadh go raibh na spriocanna athbhreithnithe ró-uailmhianach — ar a laghad i bhfianaise thionchar na paindéime — coinníodh i gcoitinne leibhéal fheabhsaithe na litearthachta agus na huimhearthachta a léiríodh leath bealaigh trí chur i bhfeidhm na *Straitéise* (Fíoracha 2 agus 3). Sa chomhthéacs idirnáisiúnta, tá feidhmíocht na hÉireann láidir i gcónaí, go háirithe sa litearthacht.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE: STRAITÉIS LITEARTHACHTA, UIMHEARTHACHTA, AGUS LITEARTHACHTA DIGITÍ NÁISIÚNTA NUA (2024-2033)

In 2024, foilsíodh straitéis nua chun oideachas litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití in Éirinn a threorú do na deich mbliana atá le teacht. Leagtar béim sa *Straitéis Náisiúnta (2024-2033)* ar réimsí ina ndearnadh dul chun cinn le linn shaolré na Straitéise Náisiúnta roimhe sin, ach freisin ar réimsí nach bhfuil oiread sin dul chun cinn déanta. Bhí baint mhór ag na torthaí ó mheasúnuithe ar mhórsála le bonn eolais a chruthú do shainaitheint na dtosaíochtaí seo.

Tá sé léirithe arís agus arís eile ag tuairisciú náisiúnta le deich mbliana anuas go bhfuil feidhmíocht i measc na ndaltaí is ísle gnóthachtáil in Éirinn sách láidir, ach go mbaineann níos lú daltaí in Éirinn na leibhéil ghnóthachtála is airde amach. Mar fhreagairt air sin, dírionn an *Straitéis Náisiúnta (2024-2033)* nua béim níos soiléire ar thacú le daltaí ardghnóthachtála a lánacmhainneacht a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, tugtar faoi deara an laige choibhneasta in Éirinn sa chéimseata, a aithníodh thar roinnt timthrialltameasúnaithe (McHugh, Clerkin et al., 2024), mar fhócas ar leith laistigh d'iaracht níos leithne chun torthaí matamaitice a fheabhsú. Mar shampla, tugann an plean feidhmithe do na chéad chúig bliana den Straitéis nua sainghníomhartha ar nós níos mó deiseanna a chruthú don fhoghlaim ghníomhach i scoileanna i gcás an tomhais agus na céimseatan, agus soláthar leanúnach d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí sna réimsí seo. Tugtar faoi deara freisin an gá atá le spreagadh don léitheoireacht phléisiúrtha a

fheabhsú agus dearcthaí dearfacha i leith na matamaitice a chur chun cinn, bunaithe ar thorthaí ó ILSAanna. Áireofar, mar chuid de seo, coimisiúnú ar thaighde dírithe ar eolas a sholáthar do chinntí beartais amach anseo a bheidh dírithe ar chur chun cinn na léitheoireachta phléisiúrtha (go háirithe do bhuachaillí) agus neartú muiníne sa mhatamaitic (go háirithe do chailíní). Tá sé mar aidhm ag an *Straitéis* nua éagothromaíochtaí inscne a laghdú, atá fós á léiriú go seasmhach i measúnuithe léitheoireachta agus a léirítear uaireanta i measúnuithe matamaitice, cé go bhfuil siad níos lú in Éirinn ná i go leor tíortha eile.

Rud suntasach atá curtha leis an *Straitéis* nua is ea an tábhacht mhéadaithe a thugtar do litearthacht dhigiteach. Cé gur ghlac Éire páirt i roinnt ILSAanna i bhformáid dhigiteach agus cé go bhfuil trialacha caighdeánaithe ar fáil do scoileanna ar líne agus ar pháipéar (Delaney et al., 2024), níor ghlac Éire páirt roimhe seo in ICILS (*Staidéar Idirnáisiúnta Ríomhaireachta agus Litearthachta Faisnéise*). Mar sin féin, in éagmais measúnaithe náisiúnta a dhéanann measúnú ar scileanna litearthachta digití, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht in ICILS 2028 chun sonraí láidre a bhaillú sa réimse seo atá ag forbairt faoi luas. Luaitear freisin na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le ICILS i *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna* ar leith na hÉireann, agus tá iarrachtaí ar bun chun leabú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim a fheabhsú (Donohue et al., 2024).

CONCLUÍD

Cé nach n-éiríonn le ILSAanna go leor gnéithe tábhachtacha d'oideachas iomlánaíoch a ghabháil, cuireann siad sonraí luachmhara ar fáil a thugann léargas dhomhain má úsáidtear iad go héifeachtach. In Éirinn, mar aon le treochtaí gnóthachtála foriomlána, dhírigh na measúnuithe seo aird ar shaincheisteanna ar nós éagothromaíochtaí oideachais, éagsúlachtaí sa luathfhoghlaim agus dearcthaí, straitéisí teagaisc, tosca a mbíonn tionchar acu ar an bhfoghlaim, agus sainréimsí curaclaim ina n-éiríonn le daltaí nó ina mbíonn deacrachtaí acu (Clerkin, 2013; Clerkin & Gilligan, 2018; Delaney et al., 2022; Duggan et al., 2023; McHugh et al., 2024; Nonte et al., 2022). Ina theannta sin, is féidir leo iarmhairtí neamhbheartaithe beartais a nochtadh. Mar shampla, in Éirinn, chonacthas laghdú suntasach ar am teagaisc na heolaíochta i ndiaidh thabhairt isteach na *Straitéise (2011-2020)*, mar thoradh is dócha ar an am breise a tugadh don litearthacht agus uimhearthacht (Clerkin et al., 2017).

Ba chóir go mbeadh raon d'fhianaise ardchaighdeán, nach mbraitheann an iomarca ar aon staidéar amháin, mar bhonn le beartas oideachais. Tá rannpháirtíocht fhadtéarmach na hÉireann le ILSAanna ar nós TIMSS, PIRLS, agus PISA, arna chomhlánú ag measúnuithe náisiúnta, tar éis dul i bhfeidhm ar fhorbairt beartais agus ar chleachtas oideachais tríd an bhfaisnéis atá ar fáil a shaibhriú. Agus Éire ag tabhairt faoi *Straitéis Náisiúnta (2024-2033)* nua, cinnteoidh rannpháirtíocht leanúnach bonn cuimsitheach fianaise-bhunaithe le haghaidh forbairt beartais amach anseo. D'fhéadfaí an cur chuige seo a bhreisiú trí léargas ó mheasúnuithe eile mar ICCS (*Staidéar Idirnáisiúnta Saoránach agus Saoránachta*) agus ICILS a chomhtháthú, chun léargas níos iomláine a sholáthar ar riachtanais oideachais. Ní mór, áfach, breithniú cúramach a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le rannpháirtíocht i measúnuithe breise, go háirithe i bhfianaise mhéid na hÉireann agus an tionchar ar phobail scoileanna.

TAGAIRTÍ

- Clerkin, A. (2013). Teachers and teaching practices. In E. Eivers & A. Clerkin, (Eds), *National schools, international contexts: Beyond the PIRLS and TIMSS test results*, (lgh. 77-104). https://www.erc.ie/documents/pt2011_ch5.pdf
- Clerkin, A., & Gilligan, K. (2018). Pre-school numeracy play as a predictor of children's attitudes towards mathematics at age 10. *Journal of Early Childhood Research*, 16(3), 319-334. <http://journals.sagepub.com/doi/10.1177/1476718X18762238>
- Clerkin, A., Perkins, R. & Chubb, E. (2017). *Inside the primary classroom: What happens in Fourth Class?* Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2017/12/Inside-the-primary-classroom-online-final-version.pdf>
- Clerkin, A., Perkins, R., & Cunningham, R. (2016). *TIMSS 2015 in Ireland: Mathematics and science in primary and post-primary schools*. Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2016/11/TIMSS-initial-report-FINAL.pdf>
- Cosgrove, J., & Cartwright, F. (2014). Changes in achievement on PISA: The case of Ireland and implications for international assessment practice. *Large-scale Assessments in Education*, 2(2). <https://doi.org/10.1186/2196-0739-2-2>
- Delaney, E., McAteer, S., Delaney, M., McHugh, G., & O'Neill, B. (2023). *PIRLS 2021: Reading results for Ireland*. Foras Taighde ar Oideachas. https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2023/05/PIRLS-2021_Reading-Results-for-Ireland.pdf
- Delaney, E., McAteer, S., McHugh, G., & O'Neill, B. (2022). *Primary school reading in Ireland in PIRLS 2016: Perspectives of pupils, parents and teachers*. Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2022/12/Primary-school-reading-in-Ireland-in-PIRLS-2016.pdf>
- Delaney, E., O'Flaherty, A., Perkins, R., Clerkin, A., & Cunningham, R. (2024). Computer-based testing in Ireland, 2005-2024: Challenges, lessons learned, and future possibilities. In B. Randelović E. Karalić, K. Aleksić, D. Đukić (Eds.), *E-testing and computer-based assessment: CIDREE Yearbook 2024*. CIDREE. https://ceo.edu.rs/wp-content/uploads/2024/11/CIDREE_Yearbook-2024-FINAL.pdf
- Delaney, S. (2020). *Number in the senior primary classes. Páipéar taighde coimisiúnaithe*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. https://ncca.ie/media/4622/primary_maths_research_number_seniorclasses.pdf
- DES [An Roinn Oideachais agus Scileanna]. (2016). *Standardised achievement tests: An analysis of the results at primary school level for 2011-12 and 2012-13*. An Roinn Oideachais agus Scileanna. <https://assets.gov.ie/24671/373257000c4d4c15a36567827997a3ad.pdf>
- Donohue, B., Moran, E., Clerkin, A., Millar, D., O'Flaherty, A., Piccio, G., & Dinh, T. (2024). *Digital Learning Framework (DLF) national longitudinal evaluation: Wave 2 Final Report*. Foras Taighde ar Oideachas. <https://doi.org/10.70092/0412063.0824>
- Donohue, B., Perkins, R., Walsh, T., O'Neill, B., Ó Duibhir, C., & Duggan, A. (2023). *Education in a Dynamic World: The performance of students in Ireland in PISA 2022*. Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2023/12/B23617-Education-in-a-Dynamic-World-Report-online-1.pdf>
- Duggan, A., Karakolidis, A., Clerkin, A., Gilleece, L., & Perkins, R. (2023). Trends in educational inequalities in Ireland's primary schools: an analysis based on TIMSS data (2011–2019). *Large-Scale Assessments in Education*, 11(39). <https://doi.org/10.1186/s40536-023-00188-2>
- Eivers, E., & Clerkin, A. (2012). *PIRLS & TIMSS 2011: Reading, mathematics and science outcomes for Ireland*. Foras Taighde ar Oideachas. https://www.erc.ie/documents/pt_2011_main_report.pdf
- Eivers, E., Gilleece, L., & Delaney, E. (2017). *Reading achievement in PIRLS 2016: Initial report for Ireland*. Foras Taighde ar Oideachas. https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2017/12/PIRLS-2016_initial-report-IRL.pdf
- Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G., McPhillips, T., Marsh, J., O'Connor, M., & Shiel, G. (2012). *Literacy in early childhood and primary education (3-8 years). Tuarascáil Taighde Uimh. 15*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. https://ncca.ie/media/2137/literacy_in_early_childhood_and_primary_education_3-8_years.pdf
- Kiniry, J., Duggan, A., Karakolidis, A., Cunningham, R. & Millar, D. (2023). *The national assessments of mathematics and English reading 2021: Performance report*. Foras Taighde ar Oideachas. https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2023/05/NAMER2021_Performance-Report_Digital.pdf
- McHugh, G., Clerkin, A., Cunningham, R. & Perkins, R. (2024). *An in-depth analysis of the relative strengths and weaknesses of students in Ireland in mathematics and science in TIMSS 2019*. Foras Taighde ar Oideachas. <https://doi.org/10.70092/2091319.0724>
- McHugh, G., Denner, S., Clerkin, A., Piccio, G., & Pitsia, V. (2024). *TIMSS 2023: Insights into mathematics and science achievement in Ireland*. Foras Taighde ar Oideachas. <https://doi.org/10.70092/2009137.1224>
- Nelis, S. M. & Gilleece, L. (2023). *Ireland's national assessments of mathematics and English reading 2021: A focus on achievement in urban DEIS schools*. Foras Taighde ar Oideachas. <https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2023/05/B23572-NAMER-DEIS-report-Online.pdf>
- Nic Mhuirí, S. (2020). *Shape and space in the senior primary classes. Páipéar taighde coimisiúnaithe*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. https://ncca.ie/media/4624/primary_maths_research_shape_and_space_seniorclasses.pdf
- Nonte, S., Clerkin, A., & Perkins, R. (2022). An examination of science achievement and school compositional effects in Ireland using TIMSS data. *European Journal of Educational Research*, 11(4), 2523-2536. <https://doi.org/10.12973/eu-jer.11.4.2523>

O'Leary, M., Lysaght, Z., Nic Craith, D., & Scully, D. (2019). *Standardised testing in English reading and mathematics in the Irish primary school: A survey of Irish primary teachers*. OCBÁC/INTO.

<https://www.dcu.ie/sites/default/files/inline-files/CARPE-INTO-Standardised-Testing-Survey-2019.pdf>

Perkins, R. & Clerkin, A. (2020). *TIMSS 2019: Ireland's results in mathematics and science*. Foras Taighde ar Oideachas.

https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2021/01/03-ERC-TIMSS-2019-Report_A4_Online.pdf

Perkins, R., Moran, G., Cosgrove, J., & Shiel, G. (2010). *PISA 2009: The performance and progress of 15-year-olds in Ireland. Summary report*.

Foras Taighde ar Oideachas. https://www.erc.ie/documents/p09national_summary_report2009.pdf

Perkins, R., Shiel, G., Merriman, B., Cosgrove, J., & Moran, G. (2013). *Learning for life: The achievements of 15-year-olds in Ireland on mathematics, reading literacy and science in PISA 2012*. Foras Taighde ar Oideachas.

<https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2016/07/Learning-for-life-report.pdf>

Salvia, J., & Ysseldyke, J. (2001). *Assessment* (8th Ed.). Houghton Mifflin Company.

Shiel, G., Kavanagh, L., & Millar, D. (2014). *The 2014 national assessments of English reading and mathematics. volume 1: Performance report*.

Foras Taighde ar Oideachas. https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2016/11/NA_2014_Vol1_Final-updated.pdf

Shiel, G., Kelleher, C., McKeown, C., & Denner, S. (2016). *Future ready? The performance of 15-year-olds in Ireland on science, reading literacy and mathematics in PISA 2015*. Foras Taighde ar Oideachas.

<https://www.erc.ie/wp-content/uploads/2019/11/PISA2015-FutureReady-15112019.pdf>

IEA COMPASS: BRIEFS IN EDUCATION

Maidir leis an IEA

Is comharchumann neamhspleách idirnáisiúnta é An Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú Gnóthachtála Oideachais (IEA) idir institiúidí taighde náisiúnta agus gnómhaireachtaí rialtais. Déanann an IEA staidéir chomparáideacha ar mhórsála ar ghnóthachtáil oideachais chun tuiscint mhionfháil ar thionchair beartais agus cleachtais laistigh de chórais oideachais agus trasna na gcóras; léargas a thabhairt do lucht déanta beartas ar fheidhmíocht scoláirí; agus oideachas ar fud an domhain a iniúchadh, a thuiscint agus a fheabhsú

Follow us:

 @iea_education

 IEAResearchInEducation

 IEA

Christian Christrup Kjeldsen
Cathaoirleach an IEA

Dirk Hastedt
Stiúrthóir Feidhmiúcháin an IEA

Andrea Netten
Stiúrthóir an IEA Amstardam

Laura Cheeseman
Oifigeach Cumarsáide, IEA

David Rutkowski
Eagarthóir Sraithe,
Ollscoil Indiana

Cóipcheart © 2025 Stichting IEA Secretariaat Nederland

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála ná a tharchur i bhfoirm ar bith ná ar aon mhodh, leictreonach, leictreastatach, téip mhaighnéadach, meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó eile gan cead i scríbhinn a fháil ó shealbhóir an chóipchirt.

Luaigh an foilseachán seo mar:

Clerkin, A., & Delaney, E. (2025, Eanáir). Mar a chuir Measúnuithe ar Mhórsála Bonn Eolais faoi Bheartas Oideachais in Éirinn. *IEA Compass: Briefs in Education* Uimh 26. IEA

ISSN: 2589-70396

Tá cóipeanna den fhoilseachán seo ar fáil ó:

Stichting IEA Secretariaat Nederland
Keizersgracht 311
1016 EE Amstardam
An Ísiltír

Trí ríomhphost: secretariat@iea.nl
Suíomh gréasáin: www.iea.nl



Researching education, improving learning